Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh
College of Arts, Social Sciences & Celtic Studies

# Gaeilge



OllscoilnaGaillimhe.ie

# Imlíne an Ábhair

Is féidir staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge go leibhéal na céime ar réimse leathan cúrsaí céime.

Tugann an cúrsa Gaeilge deis duit barr cumais a bhaint amach i labhairt agus i scríobh na teanga. Gheobhaidh tú tuiscint dhomhain ar litríocht, ar chultúr agus ar shaol na teanga agus lucht a labhartha. Tá seimeastar sa Ghaeltacht agus socrúchán oibre ar fáil mar chuid lárnach den chlár BA (Comhonóracha le Gaeilge) agus is rogha iad ar na cláir eile céime. Tiocfaidh méadú ar do chuid deiseanna fostaíochta dá réir.

- An bhfuil dúil agat sa Ghaeilge agus an bhfuil fonn ort tógáil ar do chuid scileanna cainte agus scríofa?
- An bhfuil spéis agat in oidhreacht litríochta agus chultúrtha na Gaeilge?
- An bhfuil suim agat i dtodhchaí na Gaeilge agus lucht a labhartha?

| | |
|---|---|
| **Teideal an Chúrsa:** | BA san Dána (Comhonóracha le Gaeilge / Idirnáisiúnta le Gaeilge); BA Léann Teanga; BA Cumarsáid agus Gaeilge; BA Teangacha Domhanda; BA Léann Leanaí agus Óige; BA le Scríbhneoireacht Chruthaitheach; BA Iriseoireacht; BA Dráma, Amharclannaíocht agus Taibhléiriú; BA Scannán agus Meáin Dhigiteacha; BA Cearta Daonna; BA Ceol |
| **Cód CAO:** | GY101, GY122, GY136, GY127, GY128, GY110, GY111, GY113, GY118, GY119, GY125, GY127, GY130 |
| **Fad:** | 4 bliana |
| **Riachtanais Iontrála:** | Ardteistiméireachta: H5 ar a laghad in dhá ábhar agus pas i gceithre ábhar ag O6/H7 san Ardteistiméireacht agus na hábhair seo a leanas san áireamh: Gaeilge, Béarla, teanga eile agus aon trí ábhar eile atá aitheanta chun críche iontrála. A-Level/GCSE: Féach https://www.universityofgalway.ie/courses/how-to-apply/entry-requirements.html |

## Pointe Eolais

Nuair a bheidh cúrsa BA le Gaeilge críochnaithe acu, beidh céimithe in ann labhairt go cruinn líofa i nGaeilge agus í a úsáid ina gcuid oibre agus ina saol sóisialta. Tuigfidh siad an tábhacht atá le hoidhreacht na Gaeilge agus ar bheocht chomhaimseartha na teanga agus an chultúir. Tá éileamh mór ar chéimithe le honóracha sa Ghaeilge. Beidh an-chuid scileanna inaistrithe acu idir eolas, anailís agus thaighde.

## Deiseanna Gairme

Bíonn céimithe le Gaeilge fostaithe i réimse an-leathan post chomh maith leis an múinteoireacht, sna meáin, agus san iriseoireacht. Tá ganntanas mór múinteoirí Gaeilge in earnáil an mheánoideachais faoi láthair agus tá an-éileamh ar chéimithe as Gaillimh mar mhúinteoirí Gaeilge.

# Imlíne an Chúrsa

**Bliain a hAon**

- An Teanga Bheo
- Scéal agus Pobal na Gaeilge
- Litríocht agus Cultúr na Linne

**Bliain a Dó**

- Teanga na Nua-Ghaeilge
- An tSochtheangeolaíocht An Gearrscéal
- An Nua-Fhilíocht
- Modúl roghnach: An tSean-Ghaeilge/An Scannánaiocht/Na Meáin Chumarsáide/An Amhránaíocht/Canúintí agus Caighdeán/An Fhiannaíocht/Sloinnte agus Logainmneacha

**Bliain a Trí**

BA Comhonóracha le Gaeilge:

- Seimeastar ar champas Gaeltachta
- Seimeastar ar shocrúchán oibre nó thar lear

**Bliain a Ceathair**

- Teanga na Nua-Ghaeilge
- Filí agus Filíocht 900-1900
- Próslitríocht
- Béaloideas
- Modúl roghnach: Traidisiún na Lámhscríbhinní/An Scannánaíocht/Cineál agus Ceart na Gaeilge/Ainmeolaíocht/ Teanga na Sean-Ghaeilge II/ An Drámaíocht/Na Meáin Chumarsáide/ Cartlanna/Scríbheoirí Thír Chonaill/An Bhreatnais/Miontráchtas Taighde

Sa tríú bliain den BA (Comhonóracha le Gaeilge), caithfidh mic léinn seimeastar ag staidéar ar champais Ghaeltachta na hOllscoile. Beidh an deis acu bheith ag obair in earnáil ghairmiúil na Gaeilge sa dara seimeastar.
Tá an rogha sin ag mic léinn le Gaeilge atá ar chlár eile céime.
Caithfidh mic léinn a bhfuil teanga iasachta ar siúl acu i dteannta na Gaeilge seimeastar amháin nó an bhliain iomlán ar mhalartú Erasmus.

# Céard a deir mic léinn faoin gcúrsa?



**Shauna Ní Dhochartaigh**
BA (Comhonóracha le Gaeilge), 2019-2023
Rinne mé an cinneadh ceart nuair a roghnaigh mé an Ghaeilge in Ollscoil na Gaillimhe. Leagtar béim ar gach gné den teanga, rud a chiallaíonn gur cúrsa suimiúil, cuimsitheach agus taitneamhach é. Ní amháin gur chuidigh an Seimeastar Gaeltachta sa tríú bhliain le mo chumas teanga, ach d'fhorbair mé mo scileanna cumarsáide agus mo chuid féinmhuinín chomh maith. Cruthaítear pobal Gaelach i Roinn na Gaeilge, idir mhic léinn agus fhoireann na Roinne agus silim gur gné fhíorthábhachtach í sin den chúrsa. Tá cairde déanta agam sa chúrsa seo a mhairfidh go deo. Mholfainn an BA le Gaeilge go hard do dhuine ar bith atá ag iarraidh cur lena chumas teanga, saineolas a shaothrú ar litríocht na Gaeilge agus forbairt a dhéanamh ar scileanna tábhachtacha don saol oibre!

**Dara Ó Cualáin**
BA (Comhonóracha le Gaeilge), 2019-2023
Bhain mé tairbhe agus sult ollmhór as na ceithre bliana a chaith mé mar mhac léinn ar an gcúrsa sa Ghaeilge. Creidim gur ullmhaigh an cúrsa mé d'earnáil na Gaeilge go cinnte, agus mholfainn go fonnmhar é d'aon duine a bhfuil suim aige sa teanga! Tá foireann Roinn na Gaeilge thar a bheith sochaideartha, agus chuaigh a gcuid spreagtha agus a gcuid tacaíochta i gcion go mór orm i rith mo thréimse ollscoile.





**Brónagh Ní Ghráinne**
BA (Léann Leanaí, Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin), 2019-2023
Bhain mé an-sásamh as na ceithre bliana a chaith mé in Ollscoil na Gaillimhe. Cuireadh barr feabhais ar mo chaighdeán labhartha agus gramadaí. Cuireadh fáilte mhór romham agus mé ag aistriú isteach i saol na hollscoile. Rugadh agus tógadh i nGaeltacht mé agus ba í an Ghaeilge mo chéad teanga ach ní raibh mórán de cheird agam ar chúrsaí gramadaí sular thosaigh mé ar an gcúrsa Gaeilge. Fuair mé deis taithí oibre a dhéanamh i mbunscoil lán-Ghaeilge sa tríú bliain, áit ar fhorbair mé mo chuid scileanna idirphearsanta, ceannaireachta agus cumarsáide trí mheán na Gaeilge. Bhí an-chraic agam ag staidéar in Ollscoil na Gaillimhe, rinne mé cairde iontacha le linn mo chúrsa agus mholfainn an cúrsa go hard.



**Oisín O Connell**
BA (Comhonóracha le Gaeilge), 2019-2023
Thosaigh mé amach san ollscoil i gcúrsa Eolaíochta, sular aistrigh mé isteach sa chúrsa BA Comhonóracha le Gaeilge. Bhí sé ar an gcinneadh is fearr a rinne mé riamh. Bhain mé an-sult as chuile réimse den chúrsa le linn na gceithre bliana. Thug an meascán leathan de mhodúil sa chéad agus sa dara bliain léargas iontach dom ar an rud ba mhaith liom a dhéanamh tar éis an chúrsa. D'oibrigh mé le Raidió na Life i mBaile Átha Cliath ar feadh trí mhí mar shocrúchán oibre sa tríú bliain, taithí a bhí an-luachmhar dom ar an ábhar go bhfuil an-suim agam obair san earnáil sin amach anseo. D'fhreastail mé ar ionad Acadamh na hOllscolaíochta i nGaoth Dobhair sa tríú bliain chomh maith. Bhí grúpa iontach againn ann agus tá muid go léir cairdiúil ó shin. Molaim go hard na spéire an cúrsa Gaeilge anseo in Ollscoil na Gaillimhe!

**Honoria Ní Mháille**
BA (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin), 2019-2023
Nuair a bheartaigh mé céim sa nGaeilge a dhéanamh, bhí faitíos orm faoi mo chaighdeán Gaeilge mar gheall nár fheastail mé ar Ghaelscoil. Ach anois, tá mé go ndearna mé é. Bhain mé idir thaitneamh agus thairbhe as an gcéim. Bhí an fhoireann fáilteach agus cabhrach i gcónaí agus bhí siad i gcónaí sásta teacht i gcabhair liom nuair a bhí ceist ar bith agam. Tá rogha leathan sa gcúrsa agus fuair mé taithí mhaith sna réimsí éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge. Chaith mé bliain iomlán ar thaithí oibre leis an bpleanáil teanga i nDúiche.



## Tuilleadh Eolais:


Fiona de Paor
Áras na Gaeilge

**T:** +353 91 492 564
**R:** fiona.depaor@ollscoilnagaillimhe.ie
**G:** ollscoilnagaillimhe.ie/Gaeilge